

P. O'CONNOR & SON

solicitors

notary public

Swinford County Mayo telephone 094 9251333 telefax 094 9251833

e-mail law@poconsol.ie • website www.poconsol.ie • dx 52 001

DO THREOIR MAIDIR LE HIDIRGHABHÁIL

Cad é idirghabháil?

Bealach chun díospóidí dlíthiúla a réiteach gan dul a fhad leis an gcúirt é idirghabháil.

Cad é idirghabhálaí?

Gairmí oilte é idirghabhálaí a chabhraíonn le daoine atá bainteach le díospóid teacht ar chomhaontú. Ní dhéanann idirghabhálaí cinneadh faoi conas a réitítear díospóid. Bíonn idirghabhálaí neodrach sa phróiseas idirghabhála.

An féidir le hidirghabhálaí comhairle a chur orm?

Ní féidir. Ba chóir duit labhairt le d'aturnae, a thabharfaidh eolas duit faoi do chearta dlíthiúla.

An gá dom idirghabhálaí a úsáid?

Ní gá. Tá idirghabháil deonach agus caithfidh gach páirtí comhaontú le hidirghabhálaí a úsáid. Is féidir leat a chinneadh gan leanúint le hidirghabháil ag aon tráth.

An bhfuil idirghabháil oiriúnach do gach díospóid?

Níl. B'fhéidir nach mbeidh idirghabháil oiriúnach do gach díospóid, agus tabharfaidh d'aturnae eolas duit faoin rogha is oiriúnaí duit. De réir an dlí, sula dtosaíonn tú cás cúirte, caithfidh d'aturnae eolas a thabhairt duit faoi: seirbhísí idirghabhála atá ar fáil sa Stát; agus buntáistí na hidirghabhála.

Cad iad na buntáistí a bhaineann le hidirghabháil?

- Próiseas solúbtha neamhfhoirmiúil í idirghabháil ar féidir í a eagrú ar gearrfhógra.
- Bíonn idirghabháil níos tapúla agus níos saoire ná dul a fhad leis an gcúirt, go minic.
- Tá gach idirbheartaíocht faoi rún.
- Tá comhaontú a dhéantar trí mheán idirghabhála ina cheangal dlí agus bíonn an éifeacht chéanna aige is a bhíonn ag aon chonradh eile.

Cad iad na rioscaí?

Ní féidir a chinntiú go mbainfidh sibh comhaontú amach trí mheán idirghabhála. Má tharlaíonn sé sin, b'fhéidir go mbeadh ort dul a fhad leis an gcúirt.

Cá féidir liom teacht ar idirghabhálaí?

Tabharfaidh d'aturnae eolas duit faoi na seirbhísí idirghabhála atá ar fáil i ngar duit. Tiocfaidh tú ar liosta d'idirghabhálaithe atur-nae ar láithreán gréasáin an Dlí-Chumann www.lawsociety.ie/findamediator. Mura féidir leat idirghabhálaí a roghnú, is féidir leis an Dlí-Chumann idirghabhálaí a ainmniú duit.

Eolas breise

Tá eolas breise faoi idirghabháil ar fáil ar láithreán gréasáin an Dlí-Chumann

www.poconsol.ie/legal-services/alternativedisputeresolution/



LAW SOCIETY
OF IRELAND

PRACTISING
SOLICITORS

P. O'CONNOR & SON

solicitors

notary public



QUALITY
I.S. EN ISO 9001:2015
NSAI Certified